Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0373(COD)**

**14248/23**
**ADD 6**

**ENV 1129**
**MI 862**
**IND 535**
**CONSOM 367**
**COMPET 996**
**MARE 22**
**PECHE 439**
**RECH 452**
**SAN 593**
**ENT 215**
**ECOFIN 1053**
**CODEC 1895**
**IA 259**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 333 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>*a ghabhann leis an doiciméad*<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 333 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 333 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2023
SWD(2023) 333 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú**

{COM(2023) 645 final} - {SEC(2023) 346 final} - {SWD(2023) 330 final} - {SWD(2023) 332 final}

| A. An gá atá le beart |
|---|
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Meastar gur micreaphlaistigh iad millíní plaisteacha i ngeall ar a gcineál agus a méid. Tá truailliú micreaphlaisteach ag éirí níos tábhachtaí mar ábhar imní poiblí agus eolaíche. Faightear micreaphlaistigh sa chomhshaol i ngeall ar (1) an díghrádú ar phíosaí móra plaistigh a dhiúscraítear go míchuí nó a thréigtear sa chomhshaol, (2) an úsáid a bhaintear as táirgí inar cuireadh micreaphlaistigh isteach d'aon ghnó agus (3) scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach. Leis an tionscnamh seo féachtar le haghaidh a thabhairt ar cheann amháin de na foinsí as a dtagann na scaoiltí neamhbheartaithe sin tar éis réamh- imscrúdú chun na príomhfhoinsí a shainaithint agus a shaintréithriú.<br><br>Leis an tionscnamh seo dírítear ar mhillíní plaisteacha, arb é an scáth- théarma é a úsáidtear chun tagairt don amhábhar le haghaidh gach táirge phlaistigh, rud a fhéadann a bheith i bhfoirmeacha éagsúla (millíní, calóga, púdair, etc.). Má chailltear sa chomhshaol iad, tá millíní ar an tríú foinse micreaphlaisteach is mó a scaoiltear isteach ann. Meastar sa staidéar seo go gcailltear idir 52 000 agus 184 000 tona millíní gach bliain (figiúirí 2019). Tar éis dóibh dul isteach sa chomhshaol, tá sé beagnach dodhéanta millíní a ghabháil, tá siad thar a bheith soghluaiste agus is eol go n-itheann raon orgánach agus ainmhithe iad, rud a dhéanann díobháil don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais, agus a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do shláinte an duine. Is féidir go ndíscaoilfidh millíní ina gcáithníní níos lú, agus is mó fós an díobháil a d'fhéadfaidís a dhéanamh i ngeall ar a líon mór agus a méid beag. Cailltear millíní ag gach céim den slabhra soláthair (táirgeoirí, tiontairí, athchúrsálaithe, soláthraithe iompair agus stórála, stáisiúin glantacháin umair), rud a tharlaíonn go príomha i ngeall ar dhroch- chleachtais láimhseála millíní agus atá inseachanta ar an mórgóir dá bhrí sin.<br><br>Tá na droch- chleachtais láimhseála millíní sin mar thoradh ar roinnt tosca:<br>- Tá easpa feasachta ar fud an tslabhra soláthair maidir le méid na gcaillteanas sin, maidir lena dtionchair agus conas iad a chosc;<br>- Níl aon dreasacht eacnamaíoch ann chun caillteanas millíní a laghdú, toisc nach bhfuil an damáiste a dhéantar inmheánaithe sa phraghas ar mhillíní; agus<br>- Ní ann faoi láthair d'aon chreat rialála lena dtéitear i ngleic go cuimsitheach le láimhseáil millíní ar fud an tslabhra soláthair. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Rannchuidíonn an tionscnamh seo go mór le baint amach na ngealltanas a rinneadh sa Chomhaontú Glas don Eoraip, sa Straitéis maidir le Plaistigh, sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach agus sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú. Is é is aidhm dó truailliú micreaphlaisteach a laghdú trí chaillteanas millíní sa chomhshaol a chosc agus a laghdú, ar caillteanais iad a tharlaíonn de dheasca cleachtais láimhseála millíní atá i bhfeidhm faoi láthair. Chuige sin tá 3 chuspóir shonracha ann:<br>(1) Caillteanas millíní a chosc agus a laghdú go leibhéal atá i gcomhréir le sprioc laghdaithe 30 % an Choimisiúin i leith micreaphlaistigh a scaoiltear isteach sa chomhshaol faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 2016);<br>(2) Feabhas a chur ar fhaisnéis maidir leis an méid caillteanas millíní ar fud an tslabhra soláthair; agus<br>(3) A áirithiú go ndéanfar maolú iomchuí ar thionchair beart gaolmhar ar FBManna a bhfuil baint acu leis an slabhra soláthair. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Is saincheist trasteorann é truailliú millíní i ngeall ar shoghluaisteacht millíní sa chomhshaol chomh |

| |
|---|
| maith le cineál trasteorann gníomhaíochtaí láimhseála agus slabhraí soláthair millíní. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin trí ghníomhaíocht náisiúnta amháin, agus áiritheoidh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais go mbeidh ardleibhéal cosanta comhshaoil ann ar fud an Aontais.<br><br>Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, cuirfear cosc ar ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh trína áirithiú go mbeidh na hoibreoirí uile faoi réir na rialacha céanna, agus go mbeidh cothroime iomaíochta ann dá réir. Beidh sé ina chuidiú leis an slabhra soláthair iomlán a chumhdach, agus beidh sé níos costéifeachtaí ná gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le hearnáil nó gníomhaíochtaí náisiúnta. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha beartais ab fhearr ann?** |
| Bunaithe ar athbhreithniú litríochta agus ar ionchur ó pháirtithe leasmhara (maidir leis an Measúnú ar Thionchar Tionscanta, leis an gComhairliúchán Poiblí Oscailte agus leis an suirbhé spriocdhírithe ar FBManna), breithníodh ceithre rogha beartais:<br><br>Rogha 1: Modheolaíocht chaighdeánaithe éigeantach i dtaca le caillteanas millíní a thomhas;<br><br>Rogha 2: Ceanglais éigeantacha (bunaithe ar dhea- chleachtais an tionscail, e.g. *Operation Clean Sweep*) maidir le caillteanas millíní a chosc agus a laghdú i ndlí nua de chuid an Aontais, lena sainordófar deimhniúchán cuideachtaí, agus ina mbeidh 3 fho- rogha i dtaca le ceanglais níos éadroime dóibh seo a leanas:<br>2a: micreachuideachtaí;<br>2b: micreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga;<br>2c: micreachuideachtaí, cuideachtaí beaga agus cuideachtaí meánmhéide;<br><br>**Rogha 3**: Pacáistíocht fheabhsaithe ar mhaithe le lóistíocht millíní; agus<br><br>Rogha 4: Sprioc an Aontais chun caillteanas millíní a laghdú.<br><br>Cuireadh an rogha beartais ab fhearr i dtoll a chéile trí mheascán a dhéanamh de na roghanna is costéifeachtaí agus is iomchuí, i dtéarmaí na n-iarmhairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a bhfuil coinne leo uathu, i dtéarmaí a gcostais riaracháin, agus i dtéarmaí éifeachtacht, éifeachtúlacht, chomhleanúnachas agus chomhréireacht na roghanna sin.<br><br>Is é atá sa rogha beartais ab fhearr meascán de Rogha 1 (modheolaíocht chaighdeánaithe éigeantach i dtaca le caillteanas millíní a thomhas) agus Fo- rogha 2b (ceanglais éigeantacha i ndlí nua de chuid an Aontais ina mbeidh ceanglais níos éadroime ar mhicreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga). Le Rogha 1, cuirfear feabhas ar fhaisnéis maidir leis an méid caillteanas millíní ar fud an tslabhra soláthair (cuspóir 2). Le Fo- rogha 2b, laghdófar go díreach an méid millíní a chailltear i gcomhshaol an Aontais (cuspóir 1) agus déanfar maolú ar aon tionchar ar FBManna sa slabhra soláthair (cuspóir 3).<br><br>Rinneadh meastachán ar acmhainneacht laghdaithe gach rogha beartais agus úsáideadh raon chun í a shloinneadh i ngeall ar roinnt neamhchinnteachta faoin mbunlíne caillteanas millíní atá ann. Tá an chomparáid idir na roghanna éagsúla réasúnta cinnte, áfach, óir léiríonn sí conas a rangaítear na roghanna. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?** |
| Le linn an chomhairliúcháin phoiblí oscailte, d’aontaigh thart ar 80 % de na freagróirí go bhfuil truailliú micreaphlaisteach ina ghuais don chomhshaol agus do shláinte an duine. D’aontaigh tromlach díobh go láimhseáiltear millíní go mícheart faoi láthair i ngníomhaíochtaí a bhaineann leo agus d’iarr 87 % díobh go mbeadh córas reachtach cuimsitheach ar leibhéal an Aontais ann le haghaidh cuideachtaí a láimhseálann millíní.<br><br>Tacaíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha go láidir le bunú ceanglas éigeantach comhchuibhithe ar |

leibhéal an Aontais. Measann táirgeoirí freisin go bhféadfaí na ceanglais sin a chur chun feidhme go héasca agus go tapa, fad a bheidh siad bunaithe ar an scéim deimhniúcháin atá acu faoi láthair (*Operation Clean Sweep*). Tá athchúrsálaithe i bhfabhar ceanglais ar leibhéal an Aontais freisin chun cothroime iomaíochta a áirithiú. Thuairiscigh tiontairí, ar FBManna iad a bhformhór, go mbeadh sé deacair roinnt ceanglas a chur chun feidhme de dheasca acmhainní teoranta.

Le linn an tsuirbhé spriocdhírithe ar FBManna, léirigh micreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga go mbeadh na costais chun roinnt ceanglais éigeantacha a chomhlíonadh ródhian orthu agus dúirt tromlach na bhfreagróirí gurb iad na bearta tacaíochta ab fhearr a chuideodh leo dul i ngleic le caillteanas millíní iad an tacaíocht airgeadais agus caighdeán tomhais.

Tá an rogha beartais ab fhearr i gcomhréir, dá bhrí sin, le tuairimí páirtithe leasmhara agus ba cheart go mbeadh sí inghlactha ag páirtithe leasmhara ábhartha agus ag an bpobal i gcoitinne araon.

## C. Tionchar na rogha beartais ab fhearr

### Cad iad tairbhí na rogha beartais ab fhearr?

Leis na bearta sa rogha beartais ab fhearr, áirithítear go mbeidh an slabhra soláthair millíní ina iomláine laistigh den Aontas Eorpach faoi réir na gceanglas éigeantach céanna. Tá coinne go rannchuideoidh sí le laghdú 60-83 % ar an méid millíní a scaoiltear isteach sa chomhshaol (25 000-141 000 tona/bliain), rud a rannchuideoidh dá réir le thart ar aon cheathrú de sprioc laghdaithe fhoriomlán 30 % an Choimisiúin i leith scaoiltí micreaphlaisteach faoi 2030.

Téann an laghdú ar chaillteanas millíní chun tairbhe an chomhshaoil agus an gheilleagair (e.g. trí mhéadú ar an tarraingteacht do thurasóirí agus ar an bhfómhar iascaireachta de bharr an líon millíní sa chomhshaol a bheith níos lú). Ina theannta sin, is beart réamhchúraim é in aghaidh riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine. Tá na costais níos ísle do phobail áitiúla i limistéir dá ndéantar difear freisin, nach gá dóibh glantachán caillteanas a mhaoiniú.

Ina theannta sin, tá sonraí níos fearr maidir le caillteanas millíní ar fáil a bhuí leis an gcaighdeán tomhais.

Maidir le gnólachtaí, tá roinnt coigilteas costais acu toisc nach gá dóibh ach caighdeán tomhais amháin a chur i bhfeidhm, agus toisc gur lú an líon millíní a chailleann siad. An chothroime iomaíochta a bheidh ann a bhuí le gan ach aon tacar ceanglas éigeantach amháin a bheith ann, téann sí sin chun a leasa freisin.

### Cad iad costais na rogha beartais ab fhearr?

Tá coinne go mbeidh costais EUR 376 go 491 mhilliún breise in aghaidh na bliana ar ghnólachtaí de dhroim na mbeart atá beartaithe, toisc go mbeidh ar ghnólachtaí a mbearta coiscthe agus laghdaithe a oiriúnú. Tá ar ghnólachtaí freisin an t- iniúchadh seachtrach agus an deimhniú ar a mbearta a mhaoiniú agus ansin fógra a thabhairt do na húdaráis phoiblí. Cé go bhfuil idir EUR 1,3 agus 3,2 milliún de chostais coigeartúcháin tosaigh i gceist leis an gcaighdeán tomhais, beidh gnólachtaí ag coigilt airgid san fhadtéarma de bharr a chur chun feidhme toisc nach gá dóibh ach próiseas tomhais amháin a chur i bhfeidhm chun an ceanglas tuairiscithe ar leithligh a chomhlíonadh faoi Rialachán REACH maidir le caillteanas millíní.

Tá roinnt costais próiseála agus forfheidhmithe breise ar údaráis phoiblí sna Ballstáit toisc gur gá dóibh clár poiblí de chuideachtaí deimhnithe a bhunú agus comhlíonadh an rialacháin a áirithiú. Baintear cothromaíocht amach, áfach, leis an gcoigilteas as glantachán a sheachaint.

B'fhéidir go mbeidh méadú beag ar chostas táirgí plaisteacha do thomhaltóirí mura ndéanfaidh táirgeoirí millíní an méadú beag ar chostais millíní a ionsú.

### Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?

Tá sciar mór FBManna sa slabhra soláthair millíní. Cé go bhfuil táirgeoirí agus athchúrsálaithe ina gcuideachtaí móra go príomha, meastar gur FBManna iad thart ar 89 % de thiontairí agus thart ar

96 % de chuideachtaí lóistíochta. Rinneadh suirbhé spriocdhírithe ar FBManna chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na rogha beartais ab fhearr orthu. As measc na 330 freagróir, thuairiscigh an tromlach go mbeadh leagan níos éadroime de na ceanglais éigeantacha inghlactha. Cuireadh é sin san áireamh trí Fho- rogha 2b a chur i bhfeidhm, lena laghdaítear leibhéal na gceanglas ar mhicreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga (e.g. minicíocht an iniúchta sheachtraigh a bheith níos ísle, gan aon oibleagáid a bheith ann infheistíocht a dhéanamh i bpíosaí trealaimh nó nósanna imeachta costasacha áirithe). Arna iarraidh sin do fhreagróirí an tsuirbhé, áirítear sa rogha beartais ab fhearr tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais le haghaidh na n-oibreoirí níos lú sin agus leagtar amach an fhéidearthacht go dtabharfar níos mó ama dóibh chun oiriúnú do na ceanglais nua.

Maidir le hiomaíochas earnáil millíní plaisteacha an Aontais ar dhóigh níos ginearálta, is é atá i gcostais mheasta na rogha beartais ab fhearr thart ar 0,13 % de láimhdeachas earnáil na bplaisteach san Aontas, agus dá bhrí sin ní bagairt mhór ar iomaíochas na hearnála iad. Cé go bhféadfadh na tionchair a bheith ní ba thromchúisí do FBManna, ba cheart na ceanglais níos éadroime ar na hoibreoirí sin a bheith ina gcuidiú le maolú a dhéanamh ar na tionchair sin. Níl feidhm ag bearta ach maidir le hoibríochtaí laistigh den Aontas Eorpach. Beidh tionchar diúltach an-bheag aige sin ar iomaíochas idirnáisiúnta oibreoirí an Aontais. Beidh buntáiste ag oibreoirí an Aontais, áfach, má ghlacann/nuair a ghlacfaidh tíortha eile ceanglais chomhchosúla, e.g., trí chomhaontú idirnáisiúnta amhail an Conradh Domhanda um Thruailliú Plaisteach.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Beidh mionchostais (EUR 313 000 sa 1ú bliain agus EUR 125 000 in aghaidh na bliana ar an Aontas) bainteach leis an bpróiseáil ar an tuairisciú maidir le hiniúchadh seachtrach agus forfheidhmiú an rialacháin.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

E.S.

**Comhréireacht?**

Léirigh an measúnú a rinneadh ar an tionscnamh seo nach dtéann an rogha beartais ab fhearr thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach. Ailíníonn sé lenarbh iomchuí, dar leis an tionscal, chun caillteanas millíní a laghdú go héifeachtach agus áirítear ann ceanglais níos éadroime ar mhicreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga a léirigh gur gá sin. Leis an rogha beartais ab fhearr, laghdófar scaoiltí micreaphlaisteach neamhbheartaithe go mór, rud a ghinfidh tairbhí don chomhshaol, agus do shláinte an duine, b'fhéidir, ar mó iad ná na costais bhreise atá bainteach léi.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Tá an sprioc laghdaithe fhoriomlán 30 % i leith micreaphlaistigh a scaoiltear isteach sa chomhshaol socraithe le haghaidh 2030. Déanfar measúnú ar an dul chun cinn i dtreo na sprice sin gach 2 bhliain (2024, 2026, 2028, 2030) sa tuarascáil faireacháin maidir le Truailliú Nialasach. Tar éis thuarascáil 2030, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscnamh.